Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**12111/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0233(NLE)**

**COEST 465**
**POLCOM 171**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 396 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála agus sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 d’Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 396 final.

Faoi iamh: COM(2023) 396 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.7.2023
COM(2023) 396 final

2023/0233 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála agus sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin i ndáil le cumraíocht Trádála ('An Coiste Trádála') maidir le dhá chinneadh atá beartaithe a ghlacadh lena ndéantar measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann le Caibidil 8 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú').

Ina theannta sin, baineann an togra seo leis an gcinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Comhairle Comhlachais AE-an Úcráin ('Comhairle Comhlachais') maidir le dhá chinneadh atá beartaithe a ghlacadh lena ndeonaítear rochtain chómhalartach agus bhreise ar an margadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú a bhaineann leis na measúnuithe dearfacha a rinne an Coiste Trádála, mar a fhoráiltear i dTeideal IV den Chomhaontú Comhlachais (Trádáil agus Ábhair a bhaineann le trádáil).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhlachais

Bunaítear leis an gComhaontú Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála ('DCFTA') arb é is aidhm dó coinníollacha a bhunú le haghaidh caidreamh feabhsaithe eacnamaíoch agus trádála. Áirítear leis sin comhfhogasú céimnitheach na reachtaíochta i réimse an tsoláthair phoiblí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go hiomlán an 1 Meán Fómhair 2017.

### 2.2. An Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála

Bunaíodh an Coiste Trádála le hAirteagal 465(4) den Chomhaontú agus comhlíonann sé na cúraimí a thugtar dó faoi Theideal IV den Chomhaontú.

De réir Airteagal 465(3), beidh an chumhacht ag an gCoiste Trádála cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo. Tá cinntí an Choiste Trádála ceangailteach, agus déanfaidh na Páirtithe bearta iomchuí chun iad a chur chun feidhme. Glacann an Coiste Trádála a chuid cinntí trí chomhaontú idir na Páirtithe, agus na nósanna imeachta inmheánacha féin atá i gceist á gcur san áireamh.

### 2.3. An Chomhairle Comhlachais

Bunaítear an Chomhairle Comhlachais in Airteagal 461 den Chomhaontú. Déanann sé maoirseacht agus faireachán ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus déanann sé athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú an Chomhaontaithe i bhfianaise a chuspóirí. I dteannta maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin, scrúdóidh an Chomhairle Comhlachais aon saincheist mhór a thiocfaidh chun cinn faoi chuimsiú an Chomhaontaithe, agus aon saincheist dhéthaobhach nó idirnáisiúnta eile a bhaineann leis an leas frithpháirteach.

De réir Airteagal 463 den Chomhaontú, beidh an chumhacht ag an gComhairle Comhlachais cinntí a dhéanamh faoi chuimsiú an Chomhaontaithe, agus beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe. Go háirithe, ordaítear le hAirteagal 475(5) go gcomhaontóidh an Chomhairle Comhlachais an margadh a oscailt a thuilleadh faoi mar a shainmhínítear i dTeideal IV den

[1] IO L 161, 29.05.2014, lch. 3.

Chomhaontú, faoi na cumhachtaí a thugtar di in Airteagal 463, má chomhaontaíonn na Páirtithe go ndearnadh na bearta is gá a chumhdaítear le Teideal IV den Chomhaontú a chur chun feidhme agus go bhfuil siad á bhforfheidhmiú.

Tá cinntí na Comhairle Comhlachais ceangailteach, agus déanfaidh na Páirtithe bearta iomchuí chun iad a chur chun feidhme. Glacann an Chomhairle Comhlachais a cuid cinntí agus moltaí trí chomhaontú idir na Páirtithe, tar éis dóibh a gcuid nósanna imeachta inmheánacha féin a thabhairt chun críche.

## 2.4. Na gníomhartha ón gCoiste Trádála atá beartaithe

Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe ag an gCoiste Trádála measúnú dearfach a thabhairt ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann le Caibidil 8 den Chomhaontú ag an Úcráin (Sceideal Ama Táscach maidir le hAthchóiriú Institiúideach, Comhfhogasú Reachtach agus Rochtain ar an Margadh) ('Iarscríbhinn XXI-A') de bhun Airteagal 153(2) den Chomhaontú.

Ós rud é go luaitear in Airteagal 153(3) den Chomhaontú 'nach ndéanfaidh an Coiste Trádála ar aghaidh chuig meastóireacht ar chéim ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh na bearta chun an chéim roimhe sin a chur chun feidhme curtha i gcrích agus formheasta', is gá don Choiste Trádála dhá chinneadh ar leithligh de réir seichimh a ghlacadh ina ndéanfar measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A.

### *2.4.1. Céim 1*

Is é is aidhm don chéad chinneadh ón gCoiste Trádála measúnú dearfach a thabhairt ar chur chun feidhme chéim 1 d'Iarscríbhinn XXI-A ag an Úcráin.

I gcomhréir le hIarscríbhinn XXI-A, tá na ceanglais seo a leanas le comhlíonadh chun céim 1 a chur chun feidhme:

- Airteagail 150(2) agus Airteagal 151 den Chomhaontú seo a chur chun feidhme; agus
- An Straitéis Athchóirithe a leagtar amach in Airteagal 152 den Chomhaontú sin a chomhaontú.

Maidir leis an gcéad cheanglas, foráiltear in Airteagal 150(2) go n-ainmneoidh an Úcráin an méid seo a leanas go háirithe:

(a) comhlacht feidhmiúcháin lárnach atá freagrach as beartas eacnamaíoch agus a bhfuil sé de chúraim air beartas comhleanúnach a ráthú i ngach réimse a bhaineann le soláthar poiblí. Déanfaidh comhlacht den sórt sin cur chun feidhme Chaibidil 8 den Chomhaontú maidir le soláthar poiblí a éascú agus a chomhordú, agus treoróidh sé an próiseas um chomhfhogasú reachtach; agus

(b) comhlacht neamhchlaonta neamhspleách a mbeidh sé de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí arna ndéanamh ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis chonarthacha le linn conarthaí a dhámhachtain. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn 'neamhspleách' go mbeidh an comhlacht sin ina údarás poiblí ar leithligh ó gach eintiteas conarthach agus gach oibreoir eacnamaíoch. Beifear in ann na cinntí a dhéanfaidh an comhlacht sin a chur faoi réir athbhreithniú breithiúnach.

#### 2.4.1.1. Ceanglas 1(a)

Comhlíontar an ceanglas faoi Airteagal 150(2)(a) den Chomhaontú leis an Dlí maidir le soláthar poiblí Uimh. 114-IX a ghlac Parlaimint na hÚcráine an 14 Meán Fómhair 2019 lena n-aisghairtear dlí Uimh. 922-VIII an 25 Nollaig 2015, arna leasú ('Dlí Soláthair Phoiblí').

Is é an 'Comhlacht Údaraithe' an comhlacht feidhmiúcháin lárnach a bhfuil sé de chúram air beartas comhleanúnach agus a chur chun feidhme a ráthú i ngach réimse a bhaineann le soláthar poiblí.

Sainítear in Airteagal 7 den Dlí Soláthair Phoiblí an Comhlacht Údaraithe a bheidh freagrach as an mbeartas soláthair stáit a rialáil agus a chur chun feidhme laistigh de raon feidhme a chumhachtaí arna mbunú leis an Dlí Soláthair Phoiblí.

Leagtar amach in Airteagal 9 den Dlí Soláthair Phoiblí príomhfheidhmeanna an Chomhlachta Údaraithe, mar seo a leanas:

(1) forbairt agus formheas na rialachán is gá chun an Dlí seo a chur chun feidhme agus chun beartas stáit a rialáil i réimse an tsoláthair phoiblí;

(2) anailís ar fheidhmiú an chórais soláthair phoiblí;

(3) an tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a thíolacadh, tráth nach déanaí ná an 1 Aibreán den bhliain i ndiaidh na bliana airgeadais tuairiscithe, chuig Verkhovna Rada na hÚcráine, chuig Comh-Aireacht Airí na hÚcráine agus chuig Seomra Cuntasaíochta, tuarascáil ina bhfuil anailís ar fheidhmiú an chórais soláthair phoiblí (maidir le táscairí cainníochtúla agus luacha i dtéarmaí nósanna imeachta soláthair agus ítimí soláthair, leibhéal iomaíochta, líon na ngearán) agus an fhaisnéis ghinearálaithe faoi thorthaí rialaithe i réimse an tsoláthair phoiblí. Foilsítear an tuarascáil bhliantúil ar leathanach gréasáin oifigiúil an Chomhlachta Údaraithe;

(4) beidh achoimre inti ar chleachtais soláthair, lena n-áirítear cleachtais idirnáisiúnta;

(5) déanfar staidéar agus achomair ar na dea-chleachtais soláthair idirnáisiúnta, agus iad a scaipeadh;

(6) déanfar feidhmiú Thairseach Gréasáin an Chomhlachta Údaraithe agus Acmhainn Faisnéise an Chomhlachta Údaraithe a áirithiú;

(7) déanfar ábhar Acmhainn Faisnéise an Chomhlachta Údaraithe a bhainistiú;

(8) cumarsáid leis an bpobal maidir leis an gcóras soláthair phoiblí a fheabhsú;

(9) cruinnithe agus ceardlanna atá tiomnaithe do chúrsaí soláthair a eagrú;

(10) comhar idirnáisiúnta i réimse an tsoláthair;

(11) forbairt agus formheas na ndoiciméad seo a leanas:

- doiciméid tairisceana shamplacha;
- rialúcháin shamplacha maidir le duine údaraithe;
- modheolaíocht shamplach chun luach measta ítime soláthair a chinneadh;
- modheolaíocht shamplach chun an costas saolré a chinneadh;
- an nós imeachta maidir leis an ítim sholáthair a shainaithint;
- an nós imeachta maidir le faisnéis faoin soláthar poiblí a fhoilsiú;
- an nós imeachta maidir le creat-chomhaontuithe a thabhairt i gcrích agus a chur chun feidhme;
- foirm agus ceanglais maidir le slándáil tairisceana;
- an nós imeachta maidir le tástáil daoine údaraithe a eagrú;

– liosta na n-earráidí foirmiúla;

(12) moltaí ginearálta a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta soláthair phoiblí;

(13) comhairle , nach mbeidh inti ach moladh, a chur ar fáil saor in aisce trí Acmhainn Faisnéise an Chomhlachta Údaraithe;

(14) comhar le heintitis phoiblí agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le cleachtais éillitheacha a chosc i réimse an tsoláthair;

(15) an beartas agus na rialacha soláthair phoiblí a chur in iúl don phobal;

(16) údarú ríomh-ardán a údarú agus a chur ar ceal;

(17) breithniú a dhéanamh ar iarrataí chun eagraíochtaí láraithe soláthair a ainmniú agus/nó a bhunú;

(18) treoirlínte a fhorbairt i gcomhar le húdaráis eile maidir le sainghnéithe soláthair in earnálacha éagsúla agus foilsiú na dtreoirlínte sin ag Acmhainn Faisnéise an Chomhlachta Údaraithe.

Is í an Roinn Beartais um Sholáthar Poiblí agus Iomaíocht, ar aonad struchtúrach neamhspleách de chuid Aireacht Geilleagair na hÚcráine í, a thugann faoi ról an Chomhlachta Údaraithe. Leagtar struchtúr, freagrachtaí agus cúraimí mionsonraithe na Roinne Beartais um Sholáthar Poiblí agus Iomaíocht amach sna Rialacháin maidir leis an Roinn Beartais um Sholáthar Poiblí agus Iomaíocht, arna fhormheas ag Foraithne Uimh. 3876 ó Aireacht Geilleagair na hÚcráine an 18 Deireadh Fómhair 2022.

Maidir leis an gceanglas faoi Airteagal 150(2)(b) den Chomhaontú, i gcomhréir leis an leasú ar an dlí speisialta ‘Maidir le Coiste Frith-Mhonaplachta na hÚcráine’ (‘AMCU’ agus ‘dlí AMCU’) Uimh. 1219-IX, mar is é an tÚdarás um Athbhreithniú ar Ghearáin é, cuirfidh AMCU Coimisiún (‘an Coimisiún’) um Athbhreithniú ar Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht Soláthair Phoiblí ar bun agus feidhmeoidh sé cumhachtaí eile a leagtar amach sa Dlí Soláthair Phoiblí, i ndlí na hÚcráine ‘Maidir le Cosaint Iomaíochta Eacnamaíoch’, agus i ndlí AMCU.

Is comhlacht stáit é AMCU a bhfuil stádas speisialta aige. Is údarás neamhspleách é AMCU atá faoi rialú ag Uachtarán na hÚcráine agus atá freagrach do Verkhovna Rada na hÚcráine. Áirithítear an neamhspleáchas sin ar an leibhéal reachtach le forálacha ábhartha Dhlí na hÚcráine ‘Maidir le Soláthar Poiblí’ agus le Dlí AMCU.

Ba cheart triúr atá údaraithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin i réimse an tsoláthair phoiblí a bheith i ngach Coimisiún um Athbhreithniú ar Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht Soláthair Phoiblí.

An 1 Aibreán 2021, ghlac AMCU an Rialachán ‘Maidir le formheas a dhéanamh ar an Nós Imeachta um roghnú iomaíoch agus ceapadh chuig poist na n-oifigeach údaraithe um athbhreithniú ar ghearáin maidir le sáruithe ar reachtaíocht soláthair phoiblí’, ar dá réir a cheapfaidh Cathaoirleach AMCU na coimisinéirí um ghearáin maidir le sáruithe ar an reachtaíocht soláthair phoiblí ar feadh téarma seacht mbliana ar féidir síneadh a chur leis. Tá na coimisinéirí um ghearáin maidir le sáruithe ar an reachtaíocht soláthair phoiblí faoi réir na gceanglas agus na srianta a bunaíodh leis an reachtaíocht maidir le héilliú a chosc, agus níl feidhm ag Dlí na hÚcráine ‘Maidir leis an Státseirbhís’. Ní comhaltaí den Rialtas, den chomhlacht reachtach ná d’Uachtarán na hÚcráine iad na coimisinéirí agus níl siad faoi cheannas an Rialtais, an chomhlachta reachtaigh ná an Uachtaráin. De réir Airteagal 6-1 de dhlí AMCU, i gcás an Choimisinéara um Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht

Soláthair Phoiblí, ar duine é atá gaolmhar leis an duine is ábhar don achomharc nó leis an údarás conarthach, ní fhéadfaidh sé páirt a ghlacadh i mbreithniú agus i gcinnteoireacht an ghearáin sin agus ar feadh thréimhse an bhreithnithe agus na cinnteoireachta maidir leis an ngearán sin, agus cuirfear Coimisinéir eile um Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht Soláthair Phoiblí, arna chinneadh ag Cathaoirleach Choiste Frith-Mhonaplachta na hÚcráine, in ionad an Choimisinéara sin, nó féadfar gearán den sórt sin a aistriú chuig Coimisiún eile um Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht Soláthair Phoiblí lena bhreithniú.

Is é Cathaoirleach Choiste Frith-Mhonaplachta na hÚcráine a cheapann na coimisinéirí tar éis dó cigireacht speisialta a chomhlíonadh, cigireacht dá bhforáiltear le Dlí na hÚcráine 'Maidir le hÉilliú a Chosc'.

Glacfar cinntí ón gCoimisiún um Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht Soláthair Phoiblí thar ceann AMCU agus beidh siad ceangailteach.

Féadfar achomharc a dhéanamh ar Chinntí AMCU laistigh de 30 lá ó dháta a bhfoilsithe ar an gcóras ríomhsholáthair.

I gcomhréir le Forálacha Críochnaitheacha agus Idirthréimhseacha an Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le Soláthar Poiblí an 3 Meitheamh 2021, ba cheart éifeacht a bheith ag forálacha nua a bhaineann le feidhmiú chumhachtaí AMCU i réimse athbhreithniú an tsoláthair phoiblí agus oibriú an Choimisiúin (na gCoimisiún) um Athbhreithniú ar Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht Soláthair Phoiblí an lá a fhoirmítear í (iad).

Go dtí seo, níor lean AMCU ar aghaidh le hearcú coimisinéirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin maidir le sáruithe ar an reachtaíocht soláthair phoiblí. Bhí coinne leis go seolfar na comórtais ag tús 2022. Mar gheall ar thús chogadh iomlán Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra ar aghaidh, chuir AMCU stop sealadach le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin maidir le soláthar poiblí. Ó cuireadh tús arís le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin, tá laghdú mór tagtha ar líon na ngearán. Ó cuireadh an dlí míleata i bhfeidhm, déanann AMCU athbhreithniú ar ghearáin maidir le sáruithe ar an reachtaíocht soláthair phoiblí faoina chumraíocht roimhe sin. Seoladh nós imeachta earcaíochta AMCU i mí Feabhra 2023.

2.4.1.2. Ceanglas (1)(b):

Maidir leis an dara cuid den chéad cheanglas, de réir Airteagal 151 den Chomhaontú, comhlíonfaidh na Páirtithe sraith bunchaighdeán maidir le dámhachtain na gconarthaí go léir faoi mar a ordaítear i míreanna 2 go 15 den Airteagal sin maidir le foilsiú, dámhachtain conarthaí agus cosaint bhreithiúnach. Eascraíonn na bunchaighdeáin sin go díreach ó rialacha agus prionsabail an tsoláthair phoiblí, faoi mar rialaítear iad in *acquis* soláthair phoiblí an Aontais, lena n-áirítear prionsabail an neamh-idirdhealaithe, na córa comhionainne, na trédhearcachta agus na comhréireachta.

De bhun Dhlí Soláthair Phoiblí na hÚcráine, déantar nósanna imeachta soláthair phoiblí san Úcráin i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas: 1) iomaíocht chóir i measc tairgeoirí; 2) an choigilt costais, an éifeachtúlacht agus an chomhréireacht is mó is féidir; 3) oscailteacht agus trédhearcacht ag gach céim den phróiseas soláthair; 4) neamh-idirdhealú tairgeoirí agus cóir chomhionann leo; 5) meastóireacht oibiachtúil neamhchlaonta ar thairiscintí agus dámhachtain oibiachtúil neamhchlaonta; 6) cleachtais agus mí-úsáid éillitheach a chosc. Foráiltear leis an Dlí Soláthair Phoiblí go mbeidh tairgeoirí intíre agus eachtrannacha, gan beann ar a gcineál úinéireachta agus a struchtúr dlíthiúil gnó, rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair ar choinníollacha comhionanna.

Leis an leasú ar an Dlí Soláthair Phoiblí a glacadh an 16 Nollaig 2021, leis an Dlí 'Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "i ndáil le Soláthar Poiblí" chun Réamhchoinníollacha a

chruthú don Fhorbairt Inbhuanaithe agus don Nuachóiriú ar an Tionscal Intíre' Uimh. 1977-IX, tugadh isteach ceanglais shealadacha maidir le hábhar intíre ar feadh tréimhse 10 mbliana le haghaidh soláthar poiblí meaisíní agus trealaimh roghnaithe. Níl feidhm ag na ceanglais sin maidir le soláthairtí a thagann faoi fhorálacha Dhlí na hÚcráine 'Maidir le hAontachas na hÚcráine leis an gComhaontú maidir le Soláthar Poiblí', ná leis na forálacha maidir le soláthar poiblí conarthaí idirnáisiúnta eile de chuid na hÚcráine a d'fhormheas Verkhovna Rada na hÚcráine.' Dá bhrí sin, níl feidhm ag ceanglais na n-ábhar intíre sin maidir le tairiscintí arna moladh ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais Eorpaigh – bídís bunaithe san Úcráin nó ná bídís – ná maidir le táirgí, seirbhísí nó oibreacha de thionscnamh an Aontais Eorpaigh.

Ón 1 Lúnasa 2016, is tríd an gcóras ríomhsholáthair Prozorro amháin a dhéantar formhór na nósanna imeachta soláthair san Úcráin. Foilsítear an fhaisnéis uile maidir le soláthar poiblí, lena n-áirítear doiciméid tairisceana ina bhfuil ceanglais maidir le hábhar an tsoláthair agus na tairgeoirí, ar an gcóras ríomhsholáthair.

Sainmhínítear ábhair an tsoláthair leis an 'Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar' ('CPV'), a chuirtear in oiriúint do Stór Focal Comhchoiteann an Aontais Eorpaigh um Sholáthar. Tá an t-aicmitheoir náisiúnta 'Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar' ceaptha chun caighdeánú a dhéanamh ar an tuairisc ar ábhar an tsoláthair phoiblí chun trédhearcacht níos fearr agus timpeallacht iomaíoch éifeachtach a áirithiú.

Leagtar amach na teorainneacha ama le haghaidh léirithe spéise agus le haghaidh tairiscintí a chur isteach sa Dlí Soláthair Phoiblí agus bíonn siad éagsúil ag brath ar an nós imeachta soláthair:

– i gcás ina bhfógrófar nós imeachta tairisceana oscailte – 15 lá ar a laghad mura sáraíonn an luach measta na tairseacha agus 30 lá ar a laghad i gcás ina sáraítear na tairseacha;

– i gcás ina bhfógrófar nós imeachta idirphlé iomaíoch – 15 lá ar a laghad mura sáraíonn an luach measta na tairseacha agus 30 lá ar a laghad i gcás ina sáraítear na tairseacha;

– i gcás ina bhfógrófar an nós imeachta tairisceana srianta – tráth nach déanaí ná 30 lá roimh an spriocdháta chun doiciméid a chuirtear isteach le haghaidh roghnú cáilíochta.

Is iad na tairseacha thuasluaite EUR 133,000 le haghaidh earraí agus seirbhísí agus EUR 5,150,000 le haghaidh oibreacha. Má sháraíonn luach measta an tsoláthair na tairseacha, ní mór fógra an nós imeachta soláthair a chur ar fáil don phobal freisin ar thairseach ghréasáin an Chomhlachta Údaraithe i mBéarla.

Éilítear leis an Dlí Soláthair Phoiblí go ndámhfar conarthaí soláthair phoiblí ar bhealach trédhearcach i gcomhréir leis na critéir agus na rialacha a fhógraítear roimh ré. Taispeántar faisnéis faoin tairgeoir ar éirigh leis sa chóras ríomhsholáthair. Féadfaidh tairgeoirí nár éirigh leo a iarraidh ar an údarás conarthach tríd an gcóras ríomhsholáthair faisnéis a sholáthar faoin tairiscint a chuireann an tairgeoir rathúil isteach, lena n-áirítear faisnéis faoina buntáistí i gcomparáid lena thairiscint féin, agus tá sé de cheangal ar an údarás conarthach freagra a thabhairt ar an iarraidh sin laistigh de chúig lá.

Tar éis an fhogha mhíleata a thug an Rúis faoin Úcráin, ar bhonn an dlí airm atá i bhfeidhm san Úcráin agus ar feadh ré an dlí sin, thug an Úcráin maoluithe sealadacha isteach ar a reachtaíocht soláthair phoiblí. Tá an measúnú ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 bunaithe ar ghealltanas na hÚcráine go dtarraingeofar siar na maoluithe sealadacha a eascraíonn as cur i bhfeidhm an dlí airm laistigh de 90 lá ó dheireadh chur i bhfeidhm an dlí airm.

**Ceanglas (2):**

Maidir leis an dara ceanglas i gcéim 1, is gá treochlár faoi mar a leagtar amach in Airteagal 152 den Chomhaontú a fhormheas. Foráiltear le hAirteagal 152(1) den Chomhaontú go ndéanfaidh an Úcráin, sula dtosófar ar chomhfhogasú céimnitheach, treochlár cuimsitheach a chur faoi bhráid an Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála maidir le Caibidil 8 de Theideal IV den Chomhaontú a chur chun feidhme, treochlár ina mbeidh sceidil ama agus garspriocanna. Áireofar sa treochlár sin, treochlár a chomhlíonfaidh na céimeanna agus na sceidil ama a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A, na hathchóirithe uile maidir le comhfhogasú le *acquis* an Aontais agus fothú acmhainneachta institiúidí.

An 24 Feabhra 2016, ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine 'Straitéis athchóirithe an chórais soláthair phoiblí (Treochlár)' trí rún Uimh. 175. Thug an Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála tuairim fhabhrach uaidh maidir leis an Treochlár chun Caibidil 8 a chur chun feidhme trí bhíthin Chinneadh 1/2018 uaidh an 14 Bealtaine 2018.

*2.4.2. Céim 2*

Is é is aidhm don dara cinneadh ón gCoiste Trádála measúnú dearfach a thabhairt ar chur chun feidhme chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A ag an Úcráin.

Chuige sin, ceanglaítear le hIarscríbhinn XXI-A 'comhfhogasú agus cur chun feidhme bhuneilimintí Threoir 2014/24/AE agus Threoir 89/665/CEE'.

2.4.2.1. Treoir 2014/24/AE

Leagtar amach buneilimintí Threoir 2014/24/AE in Iarscríbhinn XXI-B a ghabhann leis an gComhaontú.

Is é is aidhm don Dlí Soláthair Phoiblí comhfhogasú le buneilimintí Threoir 2014/24/AE a áirithiú.

Sainítear sa Dlí Soláthair Phoiblí raon feidhme a chur i bhfeidhm lena gcumhdaítear earraí, seirbhísí agus oibreacha arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha. Déantar sainmhíniú breise ar údaráis chonarthacha sa Dlí Soláthair Phoiblí lena n-áirítear formhór na n-eilimintí a leagtar amach i dTreoir 2014/24/AE. Thairis sin, áirítear sa Dlí Soláthair Phoiblí sainmhínithe éagsúla a d'fhéadfaí a mheas, i gcoitinne, a bheith comhoiriúnach le Treoir 2014/24/AE. I gcás an luacha conartha ar os a chionn atá feidhm ag an Dlí Soláthair Phoiblí, leagtar amach é in Airteagal 3 den Dlí ar leibhéal atá níos ísle ná an leibhéal i dTreoir 2014/24/AE. San Ordú ó Aireacht Geilleagair, Trádála agus Talmhaíochta na hÚcráine Uimh. 275 an 18.2.2020 'Maidir le modh neastacháin a fhormheas chun luach ionchasach an ábhair soláthair a chinneadh', áirítear roinnt forálacha maidir leis na modhanna chun luach ionchasach an tsoláthair a ríomh.

De bhun an Dlí Soláthair Phoiblí, cuirtear nósanna imeachta soláthair phoiblí san Úcráin i gcrích i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas: 1) iomaíocht chóir i measc tairgeoirí; 2) an choigilt costais, an éifeachtúlacht agus an chomhréireacht is mó is féidir; 3) oscailteacht agus trédhearcacht ag gach céim den phróiseas soláthair; 4) neamh-idirdhealú tairgeoirí agus cóir chomhionann leo; 5) meastóireacht oibiachtúil neamhchlaonta ar thairiscintí agus dámhachtain oibiachtúil neamhchlaonta; 6) cleachtais agus mí-úsáid éillitheach a chosc. Foráiltear leis an Dlí Soláthair Phoiblí go mbeidh tairgeoirí intíre agus eachtrannacha, gan beann ar a gcineál úinéireachta agus a struchtúr dlíthiúil gnó, rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair ar choinníollacha comhionanna.

Leis an leasú ar an Dlí Soláthair Phoiblí a glacadh an 16 Nollaig 2021, leis an Dlí 'Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "i ndáil le Soláthar Poiblí" chun Réamhchoinníollacha a

chruthú don Fhorbairt Inbhuanaithe agus don Nuachóiriú ar an Tionscal Intíre' Uimh. 1977-IX, tugadh isteach ceanglais shealadacha maidir le hábhar intíre ar feadh tréimhse 10 mbliana le haghaidh soláthar poiblí meaisíní agus trealaimh roghnaithe. Níl feidhm ag na ceanglais sin maidir le soláthairtí a thagann faoi fhorálacha Dhlí na hÚcráine 'Maidir le hAontachas na hÚcráine leis an gComhaontú maidir le Soláthar Poiblí', ná leis na forálacha maidir le soláthar poiblí conarthaí idirnáisiúnta eile de chuid na hÚcráine a d'fhormheas Verkhovna Rada na hÚcráine.' Dá bhrí sin, níl feidhm ag ceanglais na n-ábhar intíre sin maidir le tairiscintí arna moladh ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais Eorpaigh – bídís bunaithe san Úcráin nó ná bídís – ná maidir le táirgí, seirbhísí nó oibreacha de thionscnamh an Aontais Eorpaigh.

Rialaíonn an Dlí Soláthair Phoiblí na nósanna imeachta soláthair seo a leanas: tairiscint oscailte; tairiscint shrianta agus; idirphlé iomaíoch. Tá na prionsabail ghinearálta díobh sin comhoiriúnach leis na prionsabail a leagtar amach i dTreoir 2014/24/AE. Áirítear freisin sa Dlí Soláthair Phoiblí gur féidir an nós imeachta idirbheartaithe a chur i bhfeidhm; Tá na coinníollacha a bhaineann lena úsáid comhoiriúnach, ar go leor bealaí, leis na coinníollacha atá i dTreoir 2014/24/AE.

Tá na forálacha maidir le lipéid, tuarascálacha tástála, deimhniúchán agus modhanna eile cruthúnais ailínithe le Treoir 2014/24/AE.

De réir an Dlí Soláthair Phoiblí, foilsíonn na húdaráis chonarthacha fógraí maidir le nósanna imeachta tairisceana iomaíche, lena n-áirítear doiciméid tairisceana agus dréachtchonarthaí, ar an gcóras ríomhsholáthair. Cuirtear an fhaisnéis go léir a bhaineann le dámhachtain soláthar ar fáil ar an gcóras ríomhsholáthair.

Taispeántar faisnéis faoin tairgeoir ar éirigh leis sa chóras ríomhsholáthair. Féadfaidh tairgeoirí nár éirigh leo a iarraidh ar an údarás conarthach tríd an gcóras ríomhsholáthair faisnéis a sholáthar faoin tairiscint a chuireann an tairgeoir rathúil isteach, lena n-áirítear faisnéis faoina buntáistí i gcomparáid lena thairiscint féin, agus tá sé de cheangal ar an údarás conarthach freagra a thabhairt ar an iarraidh sin laistigh de chúig lá.

Leagtar na prionsabail ghinearálta maidir le roghnú na rannpháirtithe amach sa Dlí Soláthair Phoiblí; forais eisiaimh, critéir roghnúcháin, chomh maith leis na critéir dhámhachtana agus an measúnú orthu, i láthair freisin. Áirítear forálacha maidir le conas aghaidh a thabhairt ar thairiscintí atá thar a bheith íseal.

Áirítear sa Dlí Soláthair Phoiblí forálacha ginearálta maidir le comhlíonadh conarthaí.

In éagmais forálacha sonracha le haghaidh seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sonracha eile, tá na nósanna imeachta soláthair is infheidhme maidir le gach seirbhís eile infheidhme maidir leis an gcás seo freisin.

Tar éis an fhogha mhíleata, ar bhonn an dlí airm atá i bhfeidhm agus ar feadh ré an dlí sin, thug an Úcráin maoluithe sealadacha isteach ar a reachtaíocht soláthair phoiblí. Tá an measúnú ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 bunaithe ar ghealltanas na hÚcráine go dtarraingeofar siar na maoluithe sealadacha a eascraíonn as cur i bhfeidhm an dlí airm laistigh de 90 lá ó dheireadh chur i bhfeidhm an dlí airm.

2.4.2.2. Treoir 89/665/CEE

Leagtar amach buneilimintí Threoir 89/665/CEE in Iarscríbhinn XXI-C a ghabhann leis an gComhaontú.

I gcomhréir le dlí AMCU, mar is é an tÚdarás um Athbhreithniú ar Ghearáin é, cuirfidh AMCU Coimisiún (Coimisiúin) um Athbhreithniú ar Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht Soláthair Phoiblí ar bun agus feidhmeoidh sé cumhachtaí eile a leagtar amach sa

Dlí Soláthair Phoiblí, i ndlí na hÚcráine 'Maidir le Cosaint Iomaíochta Eacnamaíoch', agus i ndlí AMCU.

Ba cheart do gach Coimisiún a bheith comhdhéanta de thriúr coimisinéirí le haghaidh Athbhreithniú ar Ghearáin maidir le Sáruithe ar an Reachtaíocht Soláthair Phoiblí a gceapfaidh Ceann AMCU iad. Go dtí seo, níor lean AMCU ar aghaidh le hearcú coimisinéirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin maidir le sáruithe ar an reachtaíocht soláthair phoiblí. Bhí coinne leis go seolfar na comórtais ag tús 2022. Mar gheall ar thús chogadh iomlán Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra ar aghaidh, chuir AMCU stop sealadach le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin maidir le soláthar poiblí. Ó cuireadh tús arís le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin, tá laghdú mór tagtha ar líon na ngearán. Ó cuireadh an dlí míleata i bhfeidhm, déanann AMCU athbhreithniú ar ghearáin maidir le sáruithe ar an reachtaíocht soláthair phoiblí faoina chumraíocht roimhe sin. Seoladh nós imeachta earcaíochta AMCU i mí Feabhra 2023. Áirítear sa Dlí Soláthair Phoiblí agus i ndlí AMCU an oibleagáid atá ar an gcomhlacht athbhreithnithe soláthair cinntí i scríbhinn a ghlacadh, chomh maith leis an bhféidearthacht achomharc a dhéanamh chun na cúirte i gcoinne a chinntí maidir le AMCU.

Tá na forálacha maidir le raon feidhme agus infhaighteacht na nósanna imeachta athbhreithnithe mar a leagtar amach sa Dlí Soláthair Phoiblí i gcomhréir go ginearálta le Treoir 89/665/CEE. Áirítear sa Dlí Soláthair Phoiblí forálacha maidir le tréimhse neamhghníomhaíochta chomh maith le teorainneacha ama chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú. Déantar foráil sa Dlí Soláthair Phoiblí maidir le neamhbhailíocht conarthaí nuair a thugtar i gcrích iad de shárú ar an Dlí Soláthair Phoiblí agus tá liosta ann de na forais ar ar a mbonn tá conarthaí a thugtar i gcrích neamhbhailí.

## 2.5. Na cinntí atá beartaithe ag an gComhairle Comhlachais maidir le rochtain ar an margadh

Luaitear in Airteagal 153(2) den Chomhaontú, cur chun feidhme na gcéimeanna uile d'Iarscríbhinn XXI-A, arna gcur ar bhonn foirmiúil le cinntí an Choiste Thrádála a bhfuil tuairisc orthu thuas, beidh siad 'nasctha le deonú cómhalartach rochtana ar an margadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A'. Is í an Chomhairle Comhlachais de bhun Airteagal 475(5) den Chomhaontú a dhéanfaidh cinntí maidir le hoscailt bhreise an mhargaidh. Dá bhrí sin, is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe oscailt chómhalartach bhreise ar an margadh a dheonú do na Páirtithe mar a leagtar amach in Airteagail 153(2) agus 475(5) agus in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais. Ba cheart don Chomhairle Comhlachais dhá chinneadh ar leithligh de réir seichimh a ghlacadh ar bhonn comhionann freisin le haghaidh chéim 1 agus chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A.

### *2.5.1. Céim 1*

Is é is aidhm don chéad chinneadh ón gComhairle Comhlachais, atá nasctha leis an gcinneadh ón gCoiste Trádála a bhaineann le cur chun feidhme chéim 1, rochtain chómhalartach ar an margadh a dheonú le haghaidh soláthar soláthairtí ag údaráis rialtais láir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A.

### *2.5.2. Céim 2*

Is é is aidhm don dara cinneadh ón gComhairle Comhlachais, atá nasctha leis an gcinneadh ón gCoiste Trádála a bhaineann le cur chun feidhme chéim 2, rochtain chómhalartach ar an margadh a dheonú le haghaidh soláthar soláthairtí ag údaráis stáit, réigiúnacha agus áitiúla agus comhlachtaí atá faoi rialú an dlí phoiblí.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é is aidhm don seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Thrádála tacú le glacadh na gcinntí lena ndéantar measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A ag an Úcráin toisc, ar an gcéad dul síos, go bhfuil straitéis chuimsitheach athchóiriúcháin glactha aige i gcomhréir le hAirteagal 152 agus Airteagal 150(2) agus Airteagal 151 den Chomhaontú á gcur chun feidhme aige, agus, ar an dara dul síos, go bhfuil a reachtaíocht tar éis buneilimintí Threoir 2014/24/AE agus Threoir 89/665/CEE a chomhfhogasú agus a chur chun feidhme.

Is é is aidhm don seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais tacú le cinntí a ghlacadh lena ndeonaítear rochtain chómhalartach bhreise ar an margadh atá nasctha le cur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A.

Ba cheart na cinntí sin a mheas i gcomhthéacs níos leithne na n-iarrachtaí a rinne an Úcráin chun a cuid reachtaíochta a chomhfhogasú le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear i réimse an tsoláthair phoiblí, d'fhonn coinníollacha a leagan síos ar mhaithe le caidreamh feabhsaithe eacnamaíoch agus trádála.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh 'tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[2].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad an Coiste Trádála agus an Chomhairle Comhlachais a bhunaítear le comhaontú, mar atá an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile.

Na gníomhartha a iarrtar ar an gCoiste Trádála agus ag an gComhairle Comhlachais, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 463(1) agus Airteagal (465)3 den Chomhaontú.

Leis na gníomhartha atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

---

[2] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar na ngníomhartha atá beartaithe le cur chun feidhme chomhbheartas tráchtála an Aontais a áirithiú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 207 CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

# 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Beidh cearta agus oibleagáidí san Aontas agus san Úcráin ag gabháil leis na cinntí ón gComhairle Comhlachais maidir le rochtain chómhalartach ar an margadh a dheonú. Is iomchuí, dá bhrí sin, na gníomhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

2023/0233 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála agus sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 d'Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile[3] ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2017/1247[4] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) De bhun Airteagal 153(2) den Chomhaontú, an comhfhogasú reachtach do *acquis* an Aontais maidir le soláthar poiblí, tá sé le déanamh i gcéimeanna leantacha faoi mar a leagtar amach sa sceideal in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

(3) Ba cheart don Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gach céime díobh, agus tar éis measúnú dearfach ón gCoiste sin, ba cheart é a nascadh le deonú cómhalartach rochtana ar an margadh, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

(4) De bhun Airteagal 153(3) den Chomhaontú, ní dhéanfaidh an Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála meastóireacht ar chéim ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh na bearta chun an chéim roimhe sin a chur chun feidhme déanta agus formheasta, mar a leagtar amach san aithris roimhe seo.

(5) De bhun Airteagal 475(5) den Chomhaontú, déanfaidh an Chomhairle Comhlachais cinneadh maidir le hoscailt chómhalartach bhreise an mhargaidh a bheidh nasctha leis an measúnú dearfach a rinne an Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála ar chur chun feidhme gach céime mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

---

3 IO L 161, 29.5.2014, lch. 3.

4 Cinneadh (AE) 2017/1247 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, cé is moite de na forálacha a bhaineann leis an gcóir a chuirtear ar náisiúnaigh tríú tír atá fostaithe go dleathach mar oibrithe i gcríoch an Pháirtí eile (IO L 181, 12.7.2017, lgh. 1–3*)*.

(6) Tá an Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála le dhá chinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2014 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Úcráin an 15 Nollaig 2014 maidir le rialacha nós imeachta, lena dtugtar measúnú dearfach ar chomhfhogasú dhlí na hÚcráine do dhlí an Aontais i gcur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

(7) Tar éis na gcinntí sin ón gCoiste Comhlachais i ndáil le Cumraíocht Trádála, tá an Chomhairle Comhlachais le dhá chinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2014 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Úcráin an 15 Nollaig 2014 maidir le rialacha nós imeachta, i ndáil le rochtain chómhalartach bhreise ar an margadh a dheonú atá nasctha le cur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú.

(8) Mar thoradh ar na ceithre chinneadh ar fad atá le glacadh, ba cheart don Aontas agus don Úcráin rochtain chómhalartach ar an margadh a dheonú le haghaidh soláthar soláthairtí ag údaráis rialtais láir, ag údaráis stáit, réigiúnacha agus áitiúla agus ag comhlachtaí atá faoi rialú an dlí phoiblí.

(9) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála agus sa Chomhairle Comhlachais, is iomchuí an seasamh sin a leagan síos, ó tharla go mbeidh na cinntí atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála maidir leis na cinntí faoi chur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú, bunófar é ar na dréachtchinntí ón gCoiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála atá i gceangal in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais maidir leis na cinntí chun rochtain chómhalartach bhreise faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú atá nasctha le cur chun feidhme chéim 1 agus chéim 2, bunófar é ar na dréachtchinntí ón gCoiste Comhlachais in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Na cinntí ón gCoiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála dá dtagraítear in Airteagal 1 agus na Cinntí ón gComhairle Comhlachais dá dtagraítear in Airteagal 2, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*